Topaic: Cúrsaí bia agus sláinte

Fothopaic: Boscaí lóin

Seo tascanna samplacha ranga a d'fhéadfaí a bhunú ar an mír físe ina bhfuil Nóirín Ní Ghallchóir ag labhairt faoi bhoscaí lóin.

Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

Nóta: Is tascanna **samplacha** ranga atá anseo a léiríonn cad a **d'fhéadfaí** a dhéanamh le grúpa foghlaimeoirí, bunaithe ar an mír físe. Ní **plean ceachta** atá i gceist. Moltar go roghnódh an múinteoir tascanna a bheadh oiriúnach don ghrúpa foghlaimeoirí atá aige/aici agus go gcuirfí na tascanna **in oiriúint** do riachtanais an ghrúpa.

Treoracha don Mhúinteoir

Tasc samplach 1: Stór focal

Beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht ar ball le Nóirín Ní Ghallchóir ag caint faoi bhoscaí lóin. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

- Mínigh cé agus cad leis a bheidh siad ag éisteacht.
- Scaip an bhileog 'Cúrsaí Bia' agus cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí chun focail a scríobh sna ciorcail. Nuair a bheidh siad críochnaithe, éist le cuid de na focail agus cuir leis an líon focal atá ar eolas acu.

Tasc samplach 2: Éisteacht

Scaip an bhileog 'Boscaí lóin: Éisteacht'. Seinn an mhír físe do na foghlaimeoirí agus iarr orthu an ghreille a líonadh. Mínigh dóibh nach gá ach an buneolas a thuiscint – gan a bheith buartha faoi gach focal a thuiscint.

Tasc samplach 3: Boscaí lóin

Scaip an bhileog 'Líon an bosca lóin'. Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna chun go mbeidh dhá bhosca lóin lán acu.

Ansin cothaigh plé faoin topaic 'boscaí lóin sláintiúla' – cad ba cheart a bheith iontu?

Tasc samplach 4: Fócas ar theanga

Scaip an bhileog 'An maith leat? Ar mhaith leat?' Bí cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí an difríocht idir an dá struchtúr agus cuir ag obair ar na tascanna iad. Seans go mbeidh cleachtadh breise ó bhéal ag teastáil chun na struchtúir a threisiú.

Tasc samplach 5: Glórphost

Gearr amach an tasc ar an mbileog 'Cúrsaí Bia: Tasc – Glórphost' agus scaip cóip ar na foghlaimeoirí ar fad. Iarr orthu nótaí a bhreacadh ar dtús agus dréacht a chur le chéile den mhéid a bheidh á rá acu. Chuirfeadh sé leis an tasc dá mbeadh deis acu taifeadadh ceart a dhéanamh – ar na gutháin phóca, cuir i gcás.

Cúrsaí Bia

Cad iad na focail atá ar eolas agat faoin topaic 'Cúrsaí Bia'? Bí ag obair le do ghrúpa agus déan liostaí le scríobh sna ciorcail thíos.







Nótaí: _____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Boscaí Lóin – Éisteacht



Féach ar an mír físe ina bhfuil Nóirín ag caint ar cad a bhíonn i mboscaí lóin a páistí Ultán agus Róise. Líon an ghreille leis an eolas.

	Bosca Lóin
Róise	
Ultán	

Líon an bosca lóin

Seo thíos dhá bhosca lóin ach tá siad folamh! Caithfidh tú féin agus do pháirtí iad a líonadh. Smaoinígí ar cad a itheann bhur bpáistí féin nuair atá sibh á líonadh.

An maith leat? Ar mhaith leat?

Le cabhair ó do theagascóir, pléigh an difríocht atá idir na frásaí seo: An maith leat? Ar mhaith leat?
Cad é an freagra a thabharfá ar na ceisteanna sin?
Seo struchtúr eile atá áisiúil: An dtaitníonn X leat? Taitníonn / Ní thaitníonn
Anois féach ar na pictiúir thíos. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfrása a bheadh oiriúnach i ngach cás. Bí cúramach – i gcúpla cás, tá an dá fhrása oiriúnach!
Anois déan iarracht an struchtúr 'An dtaitníonn…' a úsáid leis na pictiúir.

Bainne: an maith leat? ar mhaith leat?

Caife: an maith leat? ar mhaith leat?

Ceol: an maith leat? ar mhaith leat?

Downton: an maith leat? ar mhaith leat?

Peppa Pig: an maith leat? ar mhaith leat?

Fíon: an maith leat? ar mhaith leat?

Bradán: an maith leat? ar mhaith leat?

Damháin alla: an maith leat? ar mhaith leat?

Rothaíocht: an maith leat? ar mhaith leat?

Cúrsaí Bia: Tasc – Glórphost

Cúrsaí Bia: Tasc – Glórphost

Tá d'iníon Méabh ag dul ag fanacht thar oíche lena haintín Ciara. Rinne tú dearmad a rá le Ciara cad iad na bianna a thaitníonn / nach dtaitníonn le Méabh! Caithfidh tú glórphost a fhágáil do Chiara ag míniú an scéil di…Breac nótaí ar dtús, sula ndéanann tú an glórphost.

Anois éist féin agus do pháirtí le glórphoist a chéile.